Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 12 Meán Fómhair 2023**
**(OR. en)**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2023/0327(NLE)**

**12888/23**
**ADD 1**

**UK 169**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2023) 540 final IARSCRÍBHINN |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINN a ghabhann le Tógra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE lena mbunaítear an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Chomhchoiste a bunaíodh leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach a mhéid a bhaineann le dearbhú atá le déanamh de bhun Airteagal 23(4)(a) de Chinneadh Uimh. 1/2023 ón gComhchoiste |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2023) 540 final IARSCRÍBHINN.

---

Faoi iamh: COM(2023) 540 final IARSCRÍBHINN

AN COIMISIÚN EORPACH

An Bhruiséil, 12.9.2023
COM(2023) 540 final

ANNEX

**IARSCRÍBHINN**

**a ghabhann le**

**Tógra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**lena mbunaítear an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Chomhchoiste a bunaíodh leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach a mhéid a bhaineann le dearbhú atá le déanamh de bhun Airteagal 23(4)(a) de Chinneadh Uimh. 1/2023 ón gComhchoiste**

## IARSCRÍBHINN

## DRÉACHTDEARBHÚ AONTAOBHACH ÓN AONTAS LAISTIGH DEN CHOMHCHOISTE A BUNAÍODH LEIS AN gCOMHAONTÚ MAIDIR LE RÍOCHT AONTAITHE NA BREATAINE MÓIRE AGUS THUAISCEART ÉIREANN A BHEITH AG TARRAINGT SIAR AS AN AONTAS EORPACH AGUS AS AN gCOMHPHOBAL EORPACH DO FHUINNEAMH ADAMHACH

**an XX/2023**

**de bhun Airteagal 23(4)(a) de Chinneadh Uimh. 1/2023**

De bhun Airteagal 23(4)(a) de Chinneadh Uimh. 1/2023 ón gComhchoiste a bunaíodh leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach an 24 Márta 2023 lena leagtar síos socruithe a bhaineann le Creat Windsor (‘Cinneadh Uimh. 1/2023’), dearbhaíonn an tAontas go bhfuil sé sásta leis an méid seo a leanas:

(i) le cur chun feidhme Airteagal 5 de Chinneadh Uimh. 6/2020 ón gComhchoiste ag an Ríocht Aontaithe, Comhchoiste a bunaíodh leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach an 17 Nollaig 2020 lena bhforáiltear maidir leis na socruithe oibre praiticiúla a bhaineann le feidhmiú chearta ionadaithe an Aontais dá dtagraítear in Airteagal 12(2) den Phrótacal maidir le hÉirinn/Tuaisceart Éireann trí rochtain a sholáthar ar fhaisnéis atá i líonraí, i gcórais faisnéise agus i mbunachair sonraí na Ríochta Aontaithe agus i modúil náisiúnta na Ríochta Aontaithe de chórais an Aontais dá dtagraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gCinneadh sin ón gComhchoiste, ag tabhairt dá aire go bhfuil gealltanas tugtha ag an Ríocht Aontaithe dul chun cinn suntasach a áirithiú maidir le aga folaigh agus iomláine na sonraí, agus go bhfuil rochtain ag ionadaithe an Aontais ar an bhfaisnéis sin le tabhairt fós i bhformáid inrochtana ar bhealach go mbeidh siad in ann anailís riosca a dhéanamh lena n-áirítear sainaithint na bpatrún treochtaí atá ann le déanaí agus na cinn stairiúla; agus

(ii) go bhfuil gach clárú XI EORI atá ann cheana eisithe i gceart; agus

(iii) gur eisigh an Ríocht Aontaithe treoir nua maidir le beartáin i gcomhréir leis na socruithe a leagtar amach i gCinneadh Uimh. 1/2023; agus

(iv) gur eisigh an Ríocht Aontaithe a dearbhú aontaobhach maidir le nósanna imeachta onnmhairiúcháin le haghaidh earraí a thugtar amach as Tuaisceart Éireann chuig codanna eile den Ríocht Aontaithe.